Raidió
Fáilte Teo
Teach Uí Chorráin
Ionad an Dá Spuaic/Twin Spires
155 Sráid Northumberland
Béal Feirste BT13 2JF
+44 (028) 9031 0013
oifig@raidiofailte.com
www.raidiofailte.com

## Na Dúshláin a bhaineann le Craoltóireacht in Éirinn trí mheán na Gaeilge

Agus muid ag iarraidh pobal Gaeilge a thógáil tá meán cumarsáide sa teanga de dhíth le guth a thabhairt don phobal sin. Tá sé aitheanta ag saineolaithe, mar shampla Coiste na nAirí i gComhairle na hEorpa go bhfuil tábhacht le meán cumarsáide pobail sa chomthéacs seo.

https://wcd.coe.int/ViewDoc.jsp?p=&Ref=Decl(11.02.2009)&Language=lanEnglish&Ver=original&Site=COE&BackColorInternet=DBDCF2&BackColorIntranet=FDC864&BackColorLogged=FDC864&direct=true

Tá dúshlán ag baint le staid reatha na meán craolta Gaeilge sa tír ar fad. Ach tá an dúshlán maidir le staid na meán craolta Gaeilge i dTuaisceart na tíre níos mó agus níos casta mar gheall ar an naimhdeas stairiúil a bhí ansin, fiú go bhfuil rudaí ag iarraidh níos fearr le tamall anois.

### An Staid Reatha

Maidir le craoltóireacht trí mheán na Gaeilge sa Tuaisceart, is féidir Raidió na Gaeltachta agus TG4 a fháil i bhformhór an réigiúin ach tá deacrachtaí i gceantair áirithe.

Maidir leis na soláthraithe áitiúla sa Tuaisceart, ar BBC Radio Ulster bíonn thart ar 5 uair sa tseachtain craolta i nGaeilge nó go dátheangach.  Ar theilifís BBC agus ar Theilifís Uladh (UTV) craoltar cláir i nGaeilge go hannamh.

Bíonn Raidió Fáilte ag craoladh 24 uair sa lá, 7 lá sa tseachtain i mBéal Feirste ar an mhinicíocht 107.1fm. Is féidir Raidió Fáilte a chluinstin ar fud an domhain ar www.raidiofailte.com. Is stáisiún pobail é Raidió Fáilte agus de réir ceadúnais Ofcom tá an limistéar craolacháin teoranta go dtí 5km.

Dar le staitisticí ón  ILBF NI Screen (An Ciste Craoltóireacta Gaeilge de chuid Scáileán Thuaisceart Éireann) tá na huaireanta craolacháin i nGaeilge atá maoinithe sa Tuaisceart ag an ILBF mar seo a leanas:

**Figure 2.19 ILBF-funded hours: 2015/2016**




DEMO VERSION

*Source: Northern Ireland Screen.*

Since the fund was started, the minimum language content in programming has risen from 60% to 75% of each programme. Funding is allocated to a range of genres including children's, documentaries, entertainment, drama, radio and digital media.

https://www.ofcom.org.uk/__data/assets/pdf_file/0033/59685/northern_ireland_tv.pdf

Tá níos mó uaireanta craolta i nGaeilge ar Raidió Fáilte ná mar atá craolta ar iomlán na gcraoltóirí áitiúla eile sa Tuaisceart.

**Raidió Fáilte**

Faigheann Raidió Fáilte maoiniú ó Fhoras na Gaeilge (Scéim Raidió Pobail) mar aon le Raidió na Life. Clúdaíonn an maoiniú seo  turastal do chearthrar oibrithe lánaimseartha agus costais reatha. Faigheann muid maoiniú ón ILBF le cúrsaí traenála a sholáthar agus beirt fhostaithe faoin scéim sin.  Tá muid buíoch d'Fhoras na Gaeilge agus don ILBF as an mhaoiniú a fhaigheann muid. Ní thiocfadh linn an tseirbhís leathan agus cuimsitheach a soláthar gan an maoiniú sin.  Ó am go chéile saothraíonn muid suimeanna beaga airgid ó fhoinsí eile.

Bíonn croífhoireann ag obair le Raidió Fáilte ar bhun lán-aimseartha, bíonn foireann ag obair go páirt-aimseartha agus bíonn foireann de bhreis agus 40 oibrithe deonacha ag obair linn go rialta. Le chéile soláthraíonn muid sceideal leathan agus cuimsitheach a chíorann cúrsaí nuachta, cúrsaí reatha, cúrsaí spóirt, na healaíona, cúrsaí litríochta, réimse leathan ceoil agus go leor eile. Cíorann muid imeachtaí Gaeilge i mBeál Feirste, ar fud an tuaiscirt agus ar fud na tíre. Tá caighdeán maith craolacháin bainte amach ag foireann Raidió Fáilte mar is léir ó na duaiseanna a fuair muid ó fhoinsí éagsúla.

**Obair Thrasphobail**

Oibríonn muid le daoine ó aoisghrúpaí agus ó chúlraí  éagsúla go háirithe le grúpaí óga. I gcomhthéacs an Tuaiscirt bíonn obair thrasphobail thar a bheith tábhachtach ar bun againn. Bíonn muid ag obair go leanúnach le baill den phobal Protastúnach/Aontachtach agus leis na pobail eitneacha (an pobal Polannach go háirithe) leis an Ghaeilge agus leis an chultúr Gaelach a spreagadh ina measc.

## Líonra Uladh

Tá plean forbartha ann faoi láthair le hionad úr Gaeilge saindeartha a thógáil le haghaidh craolacháin, traenáil i scileanna craolacháin agus na meáin sóisialta úra, cartlann, taifeadadh digiteach, ionad pobail agus turasóireacta. Líonra Uladh an t-ainm atá ar an tionscadal tábhachtach seo. Beidh sé suite cóngarach do lár na cathrach i mBéal Feirste mar ionad úr don Ghaeilge sa chathair. Beidh Raidió Fáilte lonnaithe san fhoirgneamh úr agus beidh muid ag ofráil tacaíochta agus traenála do ghrúpaí Gaeilge thart ar Ulaidh agus níos faide i gcéin.

Tá an tógail tosaithe agus tá muid an-bhuíoch as an mhaoiniú a fuair muid ó Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste, ó Roinn an Phobail, Tuaisceart Éireann, ón Chiste Infheistíochta Gaeilge agus as an tacaíocht a fuair muid ó Roinn Bonneagair Thuaisceart Éireann agus ó Fheidhmeannacht Tithíochta Thuaisceart Éireann.




**Íomhá ríomhghinte den fhoirgneamh úr Líonra Uladh**

## Na Dúshláin

1. Ceann de na constaicí is mó atá againn ná go bhfuil limistéar craolacháin teoranta go dtí 5km againn mar gheall ar rialacha Ofcom. Ciallaíonn sin nach bhfuil daoine taobh amuigh de cheantar Bheál Feirste in ann muid a chluinstin ar na haertonnta. Tá éileamh ag Gaeilgeoirí i gceantair taobh amuigh den chathair Raidió Fáilte a chluinstin, mar atá aiteanta sa tuairisc ó Choiste na Saineolaithe den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh i Strasbourg ar an 15 Eanáir 2014. ' [1]
   'despite demand outside of the Greater Belfast area, the 5 km radius of broadcasting was not extended'

   Tá muid ag caint le hOfcom faoi athrú polasaí ar an cheist seo le go mbeadh clúdach níos fearr againn. I ndiaidh próisis chomhairliúcháin tá Ofcom ag smaoineamh faoi na rialacha a lagú le go mbeadh méadú éigin ar an limistéar craolacháin atá ceadaithe, ach tá siad ag rá nach mbeidh méadú suntasach ar an limistéar craolachain.

   'it would not result in a significant increase in the licensed area'[2]

---

[1]Strasbourg, 15 January 2014 ECRML (2014) 1

**EUROPEAN CHARTER FOR REGIONAL OR MINORITY LANGUAGES**

**APPLICATION OF THE CHARTER IN THE UNITED KINGDOM**
**4th monitoring cycle**
**A. Report of the Committee of Experts on the Charter**
**Article 11 - Media**
259. During the on-the-spot visit the Committee of Experts was informed that Northern Ireland's only Irish language community radio station, Raidió Fáilte, had been granted a further 5 year extension on its broadcasting licence to 2016, by Ofcom. However, despite demand outside of the Greater Belfast area, the 5 km radius of broadcasting was not extended.

[2] https://www.ofcom.org.uk/consultations-and-statements/category-2/cr-future-licensing
**Coverage improvements for existing services**

Ciallaíonn seo nach mbeidh Raidió Fáilte le cluinstin taobh amuigh de Bheál Feirste ar na haertonnta.

Tá muid ag caint le hOfcom faoi fhéidearthacht maidir le hardán digiteach a aimsiú do Raidió Fáilte le go mbeadh sé le cluinstin níos forleithne. Tá impleachtaí ann maidir le costas agus maidir le ceisteanna teichniúla bainteach leis seo.

2. Constaic eile atá ann ná cúrsaí airgid. Tá an t-ádh linn go bhfuil muid in ann maoiniú a fháil ó Fhoras na Gaeilge agus ón ILBF. Tá Raidió Fáilte ag tabhairt luach maith mar thoradh ar an infheistíocht airgid atá curtha isteach ann. Ach le ciorraithe á mbagairt go forleathan faoi láthair, bíonn neamhchinnteacht ina chúis imní i gcónaí. Tá foinsí airgid don chraoltóireacht pobail teoranta. Caithfidh na rialtais dóthain airgead a thabhairt do Fhoras na Gaeilge agus don ILBF le maoiniú a chinntiú do na meáin atá ag craoladh i nGaeilge.

Tá scéim do raidió pobail ag Ofcom ach bíonn comórtas géar ann don sparán seo agus ní bhíonn íocaíocht leanúnach le tabhairt amach acu, caithfidh stáisiún iarratas a chur isteach gach bliain gan aon dóchúlacht go bhfaighidh siad toradh deimhneach. As 238 stáisiún pobail atá faoi chúram Ofcom i 2015/16, chuir 101 acu iarratais isteach chuig an sparán seo (ina

---

4.8 Our consultation reiterated that a station may request to extend its licensed coverage area. The Broadcasting Act 1990 (Section 106(4) to (6) as amended by the Communications Act 2003 and modified by the Community Radio Order 2004) provides for Ofcom to authorise an extension to a licensed area into an adjoining Statement: Community Radio: future licensing and technical policy 13 area or locality if: it would not result in a significant increase in the licensed area; or it considers that the increase in the licensed area is justifiable in the exceptional circumstances of the case

raibh £377,000) agus fuair 28 maoiniú don bhliain, de luach £13,473 ar an mheán. Tá tuilleadh airgid de dhíth sa sparán seo le go mbeadh na stáisiúin pobail atá faoi chúram Ofcom in ann maireachtáil i mbealach níos buaine. Maidir leis an BAI, bíonn deacrachtaí ag Raidió Fáilte airgead a aimsiú as an chiste sin mar nach bhfuil sé ceadaithe go bhfuil an clár craolta sa Tuaisceart amháin agus go gcaithfidh muid an dara craoltóir a fháil sna 26 chontae.

**Conclúid**

- Tá meáin chraolta i nGaeilge tábhachtach agus muid ag iarraidh pobal Gaeilge a thógáil.
- Tá tábhacht leis na meáin chumarsáide pobail, agus go háirithe leis na meán chraolta.
- Tá dúshlán mór maidir le craoltóireacht trí mheán na Gaeilge i dTuaisceart na tíre.
- Taispeánann Raidió Fáilte múnla feidhmiúil agus cost-éifeachtúil maidir le raidió trí mheán na Gaeilge ach tá maoiniú cinnte fad-tearmach de dhíth leis an bhuntaiste is fearr a bhaint as an mhúnla seo.
- Faoi láthair níl cead ag Raidió Fáilte craoladh ar na haertonnta taobh amuigh de Bheál Feirste mar gheall ar rialacha Ofcom. Tá muid ag iarraidh sin a athrú agus má bhíonn an an tOireachtas in ann tionchar a imirt air seo beidh sé ina chéim mhór chun tosaigh maidir le craoltóireacht sa Tuaisceart trí mheán na Gaeilge.